T’aire riot, a mheic Mhurchaidh

[Lambert MacKenna, ‘Some Irish Bardic poems’, *Studies* 37 (1948), 484-8]

To An Calbhach Mhac Murchaidh Í Chonchobhair Fhailghe (+1406)

Domhnall Mhac an Chlasaigh Í Chobhthaigh .cct. (+1446)

1 T’aire riot, a mheic Mhurchaidh,
don chorsa ad-chiu ar Allmhurchaibh;
do ba cás gan a rádh ruibh
gé tám a ngrás ag Galluibh.

2 An rabhadh do radas daoibh,
a ríoghdhamhna chlann cCathaoir,
ní ’na chois do-chuaidh sinne;
a-nois uair na hoirchille.

3 Goill Éireann ag gabháil dit
an bhaice féin go bhfuilid?
ó táid re béal iompaoidh ort,
féagh an iontaoibh a ndubhart.

4 Dá ccuirinn nír chuirthe dhamh
fios chugad re cath nDanar
mur fhear rabhaidh gá dtám dhit
’s nach rádh falaigh a bhfuighlid.

5 Ní fhoil agam le rádh ruibh
don iul fhuarus ó Ghalluibh,
gidh leasg a rádh mur rabhadh,
acht slán feasd le bhfuarabhar.

6 Ní fhuil - ’s ní guth do Ghalluibh -
énduine gan agallaimh
dá bhfuil thiar um Chruachain cCuinn
ná uathaibh siar go Sionuinn.

7 Laighin a-rís dá rochtain
ní chreidfidis Connachtaigh;
nír am don chomhláimh cogadh
congmháil Ghall do ghabhadar.

8 Cadach re Gallaibh glasa
do chum an chlann Chollasa;
ní bhiam do chéill an chadaigh,
dá réir riamh ní rabhadair.

9 Tuigthe dhaoibh nach dol ó ghuth,
a chlann Mhaine mheic Eathach,

pair Ghall do ghrádhughadh daoibh,
tar shárughadh chlann cCathaoir.

10 Olc a n-ionpháirte (agus) Goill
lá tuitmhe Taidhg mheic Dhomhnaill;
dar cuireadh ár orra ann,
as nár d'Íbh Colla an cumann.

11 Tadhg Catha Briain as beag linn,
le Gallaibh tarla a thuitim;
a shíol Colla, an cumhain libh
a chumhail orra ón uairsin.

12 A Chonnachta Cruachna hAoi,
gleo an luaithrigh, gin go leantaoi,
Banbha do-chuaidh as bhar ccairt
ón uair fa ttarla a tabhairt.

13 A Fhian Chruachna, an cumhain libh
cath Croibhdheirg uair éigin
a ráth Ghuaire ar n-a ghabháil;
fáth uainne dar n-iongabháil.

14 Goill muna ghabhdaois tre fheirg
Féidhlim mac Cathail Chroibhdheirg
agra dhoiligh uainn orra;
fuair a oighidh eatorra.

15 Tre bhur cceangal le cath nGall
- créad, a Chonnachta, a-déaram? -
ní bhiu a ccaithis aga chur,
'n-a aithis ad-chiu an ceangal.

16 Clann Néill Oiligh na n-each seang,
dar dhual furtacht Éireann,
olc an bháidh do-niad a-nos;
ní hiad a-mháin do mheasos.

17 Brian Catha an Dúin, as dearbh sin,
ó Ghalluibh fhuair a oighidh;
a seilbh Bhanbha do bhiadh sinn
Brian nó go ttarla a thuitim.

18 Niall Óg ó do ghabhsad Goill
gan shúil re hÉirinn againn;
tig a-nallain re fiadh bhFáil
Niall re Gallaibh do ghabháil.

19 Eoghan féin do ghabhsat Goill
Neachtain is Niall Ó Domhnaill;

as doiligh nar díoghladh so
le ríoghradh Oiligh ortha.

20 An ccuimhnighid clann Rosa
oighidh Airt Mhéig Aonghosa?
ós ag teacht tar oighidh nAirt
beart doiligh gan a dhíoghailt.

21 Oigheadh Briain Bhallaigh Í Néill
ní leanaid Ultaigh eiséin;
ní hiad Laighnigh do fheall air,
fearr ó Laighnibh a leanmhain.

22 Ní fhuil ó Thuinn Tuaidhe a-nall
ag congnamh le cath n-eachtrann
do Leith Choinn le fraoch bhfeirge
laoch acht ar dhruim díbheirge.

23 Dá mbeinn gan a rádha ruibh
t’aire riot, a mheic Mhurchaidh,
a luaidhim, a fhlaith Laighean,
le luaighill mhaith múchfaidhear.

24 An chomhaonta ad-chiu at aghaidh,
a Chalbhaigh Í Chonchabhair,
féach suil chuiread aighidh ort
Laighin an bhfuighead furtocht.

25 Ní lór leam, a mheic Mhurchaidh,
dot fhurtacht ar Allmhurchaibh
a bhfuil dot fhine a n-ucht Ghall
’s gan do lucht tighe id thiomchall.

26 Cuir a bhfagas is a bhfad
fios uait ar cheann do charad
gurbh fhearr a tteachta dod thigh
teachta ’na cceann suil chuirithir.

27 Ní fhaicim ar héirghe a-mach
coimhéirghe chloinne Fiachrach;
gá raibhe a tteannghuth ad thoigh,
do theaghlach caidhe, a Chalbhaigh?

28 Íbh Díomasaigh is Íbh Duinn,
as trath dá ttabhairt chugainn;
do fhleasga lámha as siad soin
acht nach dána iad asaibh.

29 Osraidhe ní fhacaidh mé;
le fios dar cuireadh chuice

dá tteagmha am fa fholaidh
mall an freagra fuarobhair.

30 Gé a-tám aga rádha ribh
fios do chur ar na cairdibh,
an saoilisi a tteacht as-teagh
na seacht Laoighisi Laighean.

31 Tre anmhoille a n-éirghe a-mach,
Caomhánuigh ’s an cath Branach,
fios uaibh ina n-aghaidh soin
Branaigh as uair dá n-iarraidh.

32 Ní foláir go bhfuighead so,
don tuarasgbháil fhuil orra,
ní as mhó ná a n-iarraid oraibh
ón ló thriallaid Tuathalaigh.

33 Le Gallaibh má táid ag tocht
Ultaigh is cúigeadh Connocht
an gcluinid soin Laighin linn
’s a bhfoil ’n-a n-aighidh d’Éirinn.

34 An ccualadar cath Sionna,
clanna Céin mheic Oiliolla,
maoidhead Laighin ar Leith cCuinn
a mbeith ’n-a n-aighidh aguinn.

35 Dá tteagmhadh dóibh dul ad cheann,
maicne Neill na Naoi nGéibheann,
Dál cCais do charaid catha
gabhaid re a n-ais Ultacha.

36 Usaide dhuit dul i bhfad
an tionólsa a-tá chugad;
maith an tráth deaghcroidhe dhuid,
neartmhoire a-chách do charuid.

37 Ní shaoilim, a mheic Mhurchaidh,
don iomlatsa ar Allmhurchaibh
go dtiobhrad cairde, a chiabh lag;
ad-chiam na cairde chugad.

38 Ná bean fós céill do chobhair,
a Chalbhaigh Í Chonchobhair;
cia uaibh go Laoghaire Lorc
aonduine nach fuair furtocht.

39 Ross Failghe ar a bhfuile sliocht,
a dhúthaigh as í th’oighriocht;

fuarais mór ccoinbhleacht fa a ceann
budh lór fa oighreacht n-Éireann.

40 Feadh ríghe Rosa Failghe
ní fuighthear dá bhféachaimne
rinn bhearnadh thuaidh ná theas
ar nach dearnadh uaibh áitheas.

41 A-táid Goill ag gabháil daoibh
d’éis a chéile, a chlann Chathaoir;
deacra a-chách bhur ccuirsi dhi,
ní tráth tuirsi fan tírsi.

42 Críoch Laighean gidh lór a fad,
suil fríoth furtacht na ccarad
do bhí sí at aonar agaibh
baoghal dí ní dhearnadair. T’aire.